C/2024/5870

27.9.2024

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Meán Fómhair 2024

lena gceaptar comhalta amháin de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí

(C/2024/5870)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach ([1]), agus go háirithe Airteagal 65(1) de,

Ag féachaint do liosta na n-iarrthóirí a chuir an Coimisiún Eorpach faoi bhráid na Comhairle an 27 Eanáir 2022,

Ag féachaint do na tuairimí a léirigh Parlaimint na hEorpa i litir dar dáta an 24 Bealtaine 2022,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 65(1) de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004, áirítear ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí ('an Bord Bainistíochta') beirt ionadaithe ó eagraíochtaí othar, ionadaí amháin ó eagraíochtaí dochtúirí agus ionadaí amháin d'eagraíochtaí tréidlianna.

(2) Is í an Chomhairle atá leis na comhaltaí den Bhord Bainistíochta sin a cheapadh i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa ar bhonn liosta arna tharraingt suas ag an gCoimisiún agus tá i bhfad níos mó ainmneacha le bheith ar an liosta ná mar atá poist le líonadh. Téarma oifige 3 bliana a bheidh ag comhaltaí den Bhord Bainistíochta agus is féidir é a athnuachan.

(3) Dhréachtaigh an Coimisiún liosta iarrthóirí agus chuir sé an liosta sin faoi bhráid na Comhairle an 27 Eanáir 2022. Roghnaíodh na hiarrthóirí atá ar an liosta a thíolaic an Coimisiún tar éis glao ar léiriú spéise agus ar bhonn a saincháilíochtaí, an réimse leathan saineolais ábhartha atá acu chomh maith leis an saineolas ábhartha atá acu ar bhainistíocht agus an taithí atá acu i réimse na dtáirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine nó le haghaidh úsáid tréidliachta.

(4) Le Cinneadh an 13 Meitheamh 2022 ([2]), cheap an Chomhairle beirt ionadaithe d'eagraíochtaí othar, ionadaí amháin d'eagraíochtaí dochtúirí agus ionadaí amháin d'eagraíochtaí tréidlianna mar chomhaltaí de Bhord Bainistíochta don tréimhse ón 15 Meitheamh 2022 go dtí an 14 Meitheamh 2025.

(5) I litir dar dáta an 18 Meitheamh 2024, chuir an Coimisiún Eorpach in iúl don Chomhairle gur éirigh Despoina IATRIDOU, a ceapadh ina comhaltaí den Bhord Bainistíochta mar ionadaí d'eagraíochtaí tréidlianna, as oifig an 4 Aibreán 2024.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart ionadaí nua amháin d'eagraíochtaí tréidlianna a cheapadh ina chomhalta den Bhord Bainistíochta ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige Despoina IATRIDOU, eadhon, go dtí an 14 Meitheamh 2025.

(7) Scrúdaíodh an dara hiarrthóir a dhéanann ionadaíocht ar eagraíochtaí tréidlianna atá ar liosta na n-iarrthóirí a thíolaic an Coimisiún an 27 Eanáir 2022, Christophe BUHOT, d'fhonn é a cheapadh ina chomhalta den Bhord Bainistíochta mar ionadaí ar eagraíochtaí tréidlianna ar bhonn na doiciméadachta a chuir an Coimisiún ar fáil agus i bhfianaise na dtuairimí a chuir Parlaimint na hEorpa in iúl. Le ceapachán Christophe BUHOT ina chomhalta den Bhord Bainistíochta, d'áiritheofaí a thuilleadh go mbeidh na leibhéil is airde saincháilíochtaí, réimse leathan saineolais ábhartha agus an raon geografach is leithne is féidir laistigh den Aontas, chomh maith le saineolas ábhartha ar bhainistíocht agus taithí i réimse na dtáirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine nó le haghaidh úsáid tréidliachta, ar fáil sa Bhord Bainistíochta,

([1]) IO L 136, 30.4.2004, lch. 1.
([2]) Cinneadh ón gComhairle an 13 Meitheamh 2022 lena gceaptar ceathrar comhaltaí de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (IO C 233, 16.6.2022, lch. 26).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an duine seo a leanas ina chomhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí mar ionadaí d'eagraíochtaí tréidlianna go dtí an 14 Meitheamh 2025:

— Christophe BUHOT

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

FELDMAN Z.